2024/1345

23.5.2024

**CINNEADH Ó BHUANCHOISTE NA STÁT CSTE Uimh. 1/2024/SC**

**an 1 Feabhra 2024**

**Lena mbunaítear Coiste Eatramhach Shásra Airgeadais LEE 2021-2028 [2024/1345]**

TÁ BUANCHOISTE NA STÁT CSTE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, dá ngairtear Comhaontú LEE anseo feasta,

Ag féachaint don chomhaontú atá le tabhairt i gcrích lena mbunaítear Sásra Airgeadais LEE nua don tréimhse2021-2028,

Ag féachaint don chomhaontú atá le tabhairt i gcrích idir Ríochtna hIorua agus an tAontas Eorpach chun Sásra Airgeadais de chuid na hIorua a bhunú don tréimhse 2021-2028,

Ag féachaint do na rialacha nós imeachta a ghlac Coiste an tSásra Airgeadais i gcomhréir le hAirteagal 8 de Chinneadh Uimh. 4/2004/SC,

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

*Airteagal 1*

**Coiste Eatramhach Shásra Airgeadais LEE 2021-2028**

1. Leis seo, bunaítear Coiste Eatramhach Shásra Airgeadais LEE 2021-2028, dá ngairtear an Coiste Eatramhach anseo feasta.

2. Tabharfaidh an Coiste Eatramhach cúnamh do Stáit CSTE chun ullmhú do chur chun feidhme Shásra Airgeadais LEE le haghaidh 2021-2028.

3. Tuairisceoidh an Coiste Eatramhach don Buanchoiste.

4. Ar dháta teacht i bhfeidhm an chomhaontaithe lena mbunaítear Sásra Airgeadais LEE 2021-2028, nó ar dháta chur i bhfeidhm sealadach an chomhaontaithe sin, cuirfear Coiste Eatramhach Shásra Airgeadais LEE 2021-2028 in ionad an Choiste Eatramhach.

5. Déanfaidh an Coiste Eatramhach comhordú féideartha idir Sásra Airgeadais LEE agus Sásra Airgeadais na hIorua a phlé agus a mheasúnú.

6. Beidh ionadaíocht ag gach Stát CSTE, atá ina pháirtí i gComhaontú LEE, ar an gCoiste Eatramhach chomh maith le haon vóta.

7. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag na rialacha nós imeachta a ghlac Coiste an tSásra Airgeadais i gcomhréir le hAirteagal 8 de Chinneadh Uimh. 4/2004/SC.

*Airteagal 2*

**Foilsiú**

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 1 Feabhra 2024.

*Thar ceann an Bhuanchoiste*

*An Cathaoirleach*
Kristján Andri STEFÁNSSON

*An tArd-Rúnaí*
Siri VESETH MELING